# Na Ceiltigh

# Cérbh iad na Ceiltigh?

# Amlíne



RCh | AD


600 400 200 0 200 400 600 800 1000 1200 1400 1600 1800 2000

Tháinig na Ceiltigh go hÉirinn (600 RCh).

An lá atá inniu ann.

Grúpa treibheanna ba ea na Ceiltigh a mhair san Eoraip breis agus 2000 bliain ó shin. Tháinig na Ceiltigh go hÉirinn timpeall 600 RCh.


# Amlíne




'Roimh Chríost' atá i gceist le 'RCh'. Ciallaíonn 600 RCh, mar sin, 600 bliain sular rugadh Íosa Críost.

I ndeisceart na Fraince agus na Gearmáine a bhí na Ceiltigh ar dtús. As sin, scaip siad ar fud na hEorpa.

Thug na Ceiltigh a lán nósanna agus scileanna nua go hÉirinn. Is iad na Ceiltigh a thug an Ghaeilge go hÉirinn, mar shampla.



Bhí buntáiste mór ag na Ceiltigh. Bhí a fhios acu conas uirlisí agus airm a dhéanamh as **iarann**. In áiteanna eile san Eoraip ní raibh a fhios ag na daoine conas iarann a úsáid. Bhí cré-umha fós in úsáid acusan. Agus is láidre go mór an t-iarann ná an cré-umha!



Tugaimid an **Iarannaois** ar an tréimhse staire sin inar scaip úsáid an iarainn ar fud na hEorpa.

Conas a fhaighimid eolas ar shaol na gCeilteach fadó?



Slí amháin le heolas a fháil ar na Ceiltigh ná breathnú ar na nithe a d'fhág siad ina ndiaidh. Déanann **seandálaithe** tochailt sa talamh chun teacht ar na nithe sin. Déanann siad staidéar orthu agus deir siad linn ansin cad dó a d'úsáid na Ceiltigh iad.



Féach na seandálaithe seo ag obair!





Tá na nithe Ceilteacha seo le feiceáil in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Fianaise is ea iad ar an gcineál saoil a bhí ag na Ceiltigh.



Céard a insíonn siad dúinn faoi shaol na gCeilteach, meas tú?







Feirmeoirí ba ea na Ceiltigh. D'fhásaidís barra mar choirce agus cruithneacht. D'úsáididís brónna chun na barra a mheilt chun plúr a dhéanamh le haghaidh aráin nó le min a dhéanamh le haghaidh leitean.




Céard eile a d'itheadh na Ceiltigh, meas tú?




# Bia na gCeilteach




Choinnídís beacha
i gcoirceoga chun mil
a fháil.




D'ithidís caora agus
cnónna fiáine.



Dhéanaidís
ainmhithe fiáine
a sheilg.



Choinníodh na Ceiltigh muca,
ba, gabhair agus caoirigh.
D'fhaighidís feoil, cáis agus
bainne uathu. Bhí na ba,
go háirithe, an-luachmhar.
Má bhí go leor bó ag duine
bhí sé an-saibhir ar fad.




Théidís ag
iascaireacht.



D'fhásaidís coirce,
eorna agus
cruithneacht.
Dhéanaidís arán
as na barra sin.
Dhéanaidís beoir as
an eorna freisin.

# Bróiste





Ní bhíodh cnaipí ná zipeanna ar éadaí na gCeilteach. D'úsáididís bróistí chun a gcuid éadaigh a cheangal. Féach an bróiste Ceilteach seo.

Chaitheadh na Ceiltigh éadaí simplí, geala. Chaitheadh na fir léine fhada thar bhríste fada ar a dtugtaí 'bracae'. Is é a chaitheadh na mná ná gúnaí fada. Chaitheadh na fir agus na mná crios faoina gcoim agus brat thar na guaillí. Cheanglaídís na brait le bróiste. As leathar a dhéanadh na Ceiltigh a gcuid bróg.

Déan brat de do chuid féin ag an nasc seo:
http://www.bbc.co.uk/wales/celts/activities/weaving.shtml




Bhíodh sciath ag go leor laochra Ceilteacha chun iad féin a chosaint i gcath.



Trodaithe den scoth ba ea na Ceiltigh. Ní bhíodh aon eagla orthu roimh a naimhde. D'úsáididís claimhte agus sleánna agus iad i mbun catha. Déanta as iarann a bhí na claimhte aaus na sleánna sin.

Bhaineadh na Ceiltigh úsáid as carbaid uaireanta agus iad i mbun catha.






Is fáinne muiníl é an torc. Thaitin seodra leis na Ceiltigh agus chaitheadh na fir agus na mná bráisléid, fáinní agus toirc.

Ba mhinic a mhaisíodh na Ceiltigh a gcuid seodra le patrúin a bhí bunaithe ar chiorcail. Is ó na Ceiltigh a fuaireamar cuid de na patrúin a bhíonn ar ár gcuid seodra sa lá atá inniu ann.







Seo grianghraf de cheann de na háiteanna cónaithe a bhí ag na Ceiltigh. Glacadh an grianghraf ón aer. Níl fágtha anois den áit chónaithe ach cnocáin ísle.




Cruth cruinn a bhíodh ar thithe na gCeilteach in Éirinn. Le cré agus le hadhmad a thógtaí iad de ghnáth. Díon tuí a bhíodh orthu.



Thógtaí balla timpeall ar ghrúpaí tithe. Dá dtógtaí balla cré timpeall orthu, **ráth** nó **lios** a thugtaí ar an áit.



Dá dtógtaí balla cloiche ann, **cathair** nó **caiseal** a thugtaí ar an áit.




Thógadh na daoine saibhre **dúnta** chun iad féin a chosaint. Is ar bharr na gcnoc a thógtaí na dúnta sin, de ghnáth.



An bhfuil ráth nó caiseal gar do do scoilse?

Cliceáil anseo chun teach Ceilteach a fheiceáil:
[http://www.3dhistory.co.uk/interactive-images/roundHouse.php](http://www.3dhistory.co.uk/interactive-images/roundHouse.php)

# Taobh istigh de theach Ceilteach



'Logainm' a thugaimid ar ainm áite. Tá tagairt d'áiteanna cónaithe na gCeilteach i roinnt logainmneacha in Éirinn. Seo a leanas cuid acu:

Ráth Mealtain

Lios Tuathail

Cathair na Mart

Caiseal

Dún Garbháin

An bhfuil logainmneacha i do cheantar a bhfuil na focail sin iontu?

# Fíor nó Bréagach?

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is iad na Ceiltigh a thug an Ghaeilge go hÉirinn. | ✓ | |
| D'úsáideadh na Ceiltigh brónna chun a gcuid éadaigh a cheangal. | | ✓ |
| Fáinne muiníl is ea an torc. | ✓ | |
| Bhíodh téamh lárnach ag na Ceiltigh sna tithe. | | ✓ |
| Bhíodh a lán fuinneoga i dtithe na gCeilteach. | | ✓ |
| Bhíodh seomra amháin sna tithe Ceilteacha. | ✓ | |
| Bhí na Ceiltigh ar cheann de na chéad dreamanna san Eoraip a chuir eolas ar an iarann. | ✓ | |
| Is ar bharr na gcnoc a thógtaí na dúnta, de ghnáth. | ✓ | |

Tuilleadh eolais le fáil ar na suíomhanna seo:

http://www.timescapes.org.uk/audio_book/index.asp

http://www.bbc.co.uk/wales/celts/

http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/subjects/history/history-the-full-story/irelands-early-inhabitant/iron-age-people-celts/

http://www.dyfedarchaeology.org.uk/lostlandscapes/edresource.html

http://www.bbc.co.uk/history/interactive/games/ironage_life/index_embed.shtml

**Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a leanas a chuir íomhánna ar fáil do na sleamhnáin seo:**
Michael Brown

**Íomhánna eile:**
Shutterstock
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Peter Donnelly
Airview
Martin Fagan

Rinneadh gach iarracht teacht ar úinéir an chóipchirt i gcás na n-íomhánna atá ar na sleamhnáin seo. Má rinneadh faillí ar aon bhealach ó thaobh cóipchirt de ba cheart d'úinéir an chóipchirt teagmháil a dhéanamh leis na foilsitheoirí. Beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh leis.

© Foras na Gaeilge, 2014

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

An Gúm